Tuirne bogha ceatha

Ullmhúchán

RANG	Trí go dtí a sé
CUSPÓIRÍ	**Snáithe agus Snáithaonaid** **Fuinneamh agus Fórsaí: Solas** Scoilt agus meascadh solais a imscrúdú, OSIE: An Curaclam Eolaíochta leathanach 85. Sa ghníomhaíocht seo foghlaimeoidh na páistí nach é amháin gur féidir solas a scaradh i ndathanna an bhogha ceatha, ach gur féidir na dathanna seo a mheascadh arís chun solas bán a fháil. Foghlaimeoidh siad freisin conas a oibríonn an tsúil (i.e. má tá rudaí ag gluaiseacht mear go leor ní féidir leis an tsúil idirdhealú a dhéanamh eatarthu). **Forbairt scileanna** Ag déanamh; ag breathnóireacht
NASCADH	**Tíreolaíocht** Imshaoil nádúrtha / feiniméin aimsire **Amharcealaíona** Péint agus dath / péinteáil
CÚLRA	Bheadh taispeántas de phriosma ag scoilteadh solais ina seacht ndath úsáideach Tiocfaidh forbairt ar thuiscint na bpáistí faoi dhathanna trína bheith ag obair le súilíní gallúnaigh.
ÁBHAIR/ FEARAS	Cárta bán, siosúir, cupán nó próca, Téad láidir (oibríonn 120cm go maith), peann luaidhe, pinn luaidhe dhaite nó marcóirí, mótar beag leictreach, uillinntomhas (rang cúig nó sé)
ULLMHÚCHÁN	Bailigh na hábhair agus an fearas
CÚLRA EOLAÍOCHTA	Meascán de dhathanna an bhogha ceatha is ea solas bán. Bíonn seacht ndath ann; dearg, oráiste, buí, glas, gorm, plúirín (dúghorm), agus corcra. Ba é Isaac Newton a thaispeáin i dtosach gur féidir solas a bhriseadh ina dhathanna agus gur féidir iad a chur le chéile arís. Tá braonacha báistí nó priosmaí in ann solas bán a bhriseadh ina sheacht ndath agus is féidir solas bán a dhéanamh trí na seacht ndath seo a mheascadh. Nuair a chastar diosca go tapa feiceann an tsúil na dathanna go léir mar aonad agus mar sin bíonn an diosca mar a bheadh sé bán. (De bhrí nach mbíonn na dathanna “fíor” bíonn cumadh sórt bán/liath ar an diosca).



Tuirne bogha ceatha

Gníomhaíocht

AN COMHTHÉACS A BHUNÚ	Bíodh díospóireacht faoi dhathanna – conas a bheadh an domhain gan dath, mar shampla éadaí, aimsir, gairdíní, trácht na cathrach a rialú agus mar sin. Ní mar an gcéanna a fheiceann ainmhithe éagsúla dathanna. Ní féidir le muc ghuine ná le hiora aon dathanna a aithint. Is éard is dath ann ná an bealach a fheiceann ár súile soilse de chineáil éagsúla.
SPRIOC-CHEISTEANNA	Cathain agus cén áit a bhfeiceann tú bogha ceatha? Cá as, dár leat, a dtagann na dathanna atá le feiceáil sa bhogha báistí, i súilíní, i ndlúthdhiosca, in ola? Ainmnigh dathanna an bhogha ceatha. Más féidir le braonacha báistí, priosmaí, dlúthdhioscaí agus a leithéid, solas a bhriseadh ina dhathanna éagsúla an féidir solas bán a dhéanamh trí dhathanna an bhogha ceatha a chur le chéile? BAIN TRIAIL AS GO BHFEICFIDH TÚ
FORBAIRT AR AN NGNÍOMHAÍOCHT	Is féidir na dathanna a mheascadh trí dhiosca páipéir ar a bhfuil dathanna an bhogha ceatha a chur ag casadh. Déan tuirne bogha ceatha!
SÁBHÁILTEACHT	**Bígí aireach leis na siosúir**
GNÍOMHAÍOCHT	Gearr amach diosca ón gcárta agus roinn ina sheacht dteascán é (is féidir leis na páistí atá níos sinne úsáid a bhaint as an uillinntomhas) Dathaigh an diosca le dathanna an bhogha báistí. Déan dhá pholl 1 cm óna chéile i lár an diosca agus cuir an téad tríd le dhá lúb ag foircinn na téide. Cuir méar trí gach lúb agus cas an diosca go dtí go mbíonn an téad casta go dlúth. Nuair a tharraingíonn tú do lámha óna chéile casfaidh an diosca go tapa. Is féidir an diosca a chur ag casadh trí pheann luaidhe a shá tríd agus é a chasadh ar nós caisil? Cén dath atá le feiscint?





Discover Primary Science
and see how your world works

Tuirne boga ceatha

Athbhreithniú

ATHBHREITHNIÚ	An bhfuil aon difríocht idir pinn luaidhe agus marcóirí? An bhfuil ord na ndathanna tábhachtach?
MEASÚNÚ	D'fhéadfadh na páistí an Tuirne a chur ar taispeáint agus lipéid a bheith leo chun an gléas a mhíniú. Is féidir scannán a dhéanamh chun an gléas a mhíniú. D'fhéadfaí scéal a chur leis an scannán
LEATHNÚ	Is féidir an cárta daite a chur ag casadh ar mhótar beag leictreach. Malartaigh na sreanga atá idir an mótar agus an cadhnra. Cad a tharlaíonn? **Ceistigh na páistí faoi:** • Cad eile a d'fhéadfaidís a fháil amach? • Conas d'fhéadfaidís iniúchadh a dhéanamh? Thabharfadh sé seo spreagadh dóibh a gcuid scrúdaithe féin a chruthú.